



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2022
(OR. en)

9725/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0181(NLE)

ECOFIN 532
UEM 138
FIN 593

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	2 Meitheamh 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 268 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Pholainn a fhorghabháil

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 268 final.

Faoi iamh: COM(2022) 268 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2022
COM(2022) 268 final

2022/0181 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Pholainn a
fhormheas**

{SWD(2022) 161 final}

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Pholainn a fhorghnó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta¹, agus go háirithe Airteagal 20 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bhí tionchar suaiteach ag ráig COVID-19 ar gheilleagar na Polainne. In 2019, ba ionann olltáirgeacht intíre (OTI) per capita na Polainne agus 44.3 % de mheán an Aontais. Tháinig laghdú 2.2 % ar fhíor-OTI na Polainne in 2020 agus tháinig méadú 3.6 % air go carnach in 2020 agus 2021. Áirítear leibhéal ísle infheistíochta príobháidí agus nuálaíochta príobháidí ar ghnéithe fadtéarmacha a bhfuil tionchar acu ar fheidhmíocht eacnamaíoch mheántéarmach; ganntanais shuntasacha saothair agus scileanna sa gheilleagar; agus timpeallacht rialála atá dothuartha agus trom.
- (2) An 9 Iúil 2019 agus an 20 Iúil 2020, chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Polainne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle don Pholainn na bearta uile is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar thionchar eacnamaíoch na paindéime, agus inbhuanaitheacht fhioscach mheántéarmach a chosaint ag an am céanna; chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí; agus athléimneacht, inrochtaineacht agus éifeachtacht an chórais sláinte a fheabhsú. Mhol an Chomhairle freisin don Pholainn leordhóthanacht na sochar pinsin a bheidh ann amach anseo agus inbhuanaitheacht chóras na bpinsean a áirithiú; chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú trí rochtain ar chúram leanaí agus ar chúram fadtéarmach a fheabhsú; chun deireadh a chur leis na bacainní atá ann fós ar chineálacha fostaíochta níos buaine agus socruithe oibre solúbtha gearra-ama a fheabhsú ag an am céanna; chun díriú níos fearr ar shochair shóisialta; chun oideachas agus scileanna ar ardchaighdeán a chothú, go háirithe tríd an bhfoghlaim aosach; chun scileanna digiteacha a fheabhsú agus an claochlú digiteach a chur chun cinn tuilleadh. Thairis sin, mhol an Chomhairle acmhainn nuálaíochta an gheilleagair a neartú; agus infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar bhonneagar digiteach, ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil,

¹ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

agus ar iompar inbhuanaithe, rud rannchuideodh le dícharbónú forásach an gheilleagair, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle rochtain shlán a bheith ag cuideachtaí ar mhaoiniú agus ar leachtacht agus an téarnamh eacnamaíoch a chothú trí thionscadail infheistíochta poiblí aibí a chur chun cinn agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn. Ar deireadh, mhol an Chomhairle feabhas a chur ar an timpeallacht rialála, go háirithe trí ról na gcomhairliúcháin leis na comhpháirtithe sóisialta agus na gcomhairliúcháin poiblí sa phróiseas reachtach a neartú, agus trí fheabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta trí neamhspleáchas breithiúnach a chosaint. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha tráth a tiolacadh an plean téarnaimh agus athléimneachta ('RRP'), measann an Coimisiún go bhfuil na moltaí maidir le aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar thionchar eacnamaíoch na paindéime curtha chun feidhme go hiomlán.

- (3) An 3 Bealtaine 2021, chuir an Pholainn a plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. Lean an aighneacht sin próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údarais áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Tá úinéireacht náisiúnta ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta mar bhonn taca lena gcur chun feidhme rathúil agus lena dtionchar marthanach ar an leibhéal náisiúnta agus le creidiúnacht ar an leibhéal Eorpach. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (4) Ba cheart cuspóirí ginearálta na Saoráide um Théarnamh agus Athléimneacht a bunáodh le Rialachán (AE) 2021/241 (an 'tSaoráid') agus cuspóirí ginearálta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna bunú le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle a shaothrú le pleananna téarnaimh agus athléimneachta chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19. Ba cheart dóibh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí rannchuidiú leis na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241.
- (5) Beidh cur chun feidhme pleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát ina iarracht chomhordaithe lena ndéanfar athchóirithe agus infheistíochtaí ar fud an Aontais. Trí chur chun feidhme comhordaithe agus comhuaineach agus trí chur chun feidhme tionscadal trasteorann agus ilnáisiúnta, déanfaidh na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí sin a chéile a atreisiú go frithpháirteach agus beidh iarmhairtí dearfacha acu ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, tiocfaidh thart ar aon trian de thionchar na Saoráide ar fhás agus ar chruthú post na mBallstát as iarmhairtí ó Bhallstáit eile.

Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún

- (6) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

- (7) Beartaítear le plean téarnaimh agus athléimneachta tacar cothrom d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí lena dtabharfar aghaidh ar thionchar phaindéim COVID-19 agus ar na príomhdhúshláin struchtúracha atá roimh an bPolainn. Cuirtear in iúl ann straitéis chun geilleagar níos iomaíche agus níos athléimní a chur chun cinn, lena dtacaítear le fás eacnamaíoch i gcomhréir le tosaíochtaí aeráide agus digiteacha an Aontais agus lena gcuirtear leis an mianach saoil sa Pholainn, go háirithe trí infheistíochtaí a dhéanamh i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus in éifeachtúlacht fuinnimh, sa tsoghluaisteacht inbhuanaithe, sa chúram sláinte, sna teicneolaíochtaí digiteacha, agus sa taighde agus sa nuálaíocht. Dírítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta ar shé phríomhréimse beartais: an t-an t-aistriú glas, digitiú, sláinte, iomaíochas agus nuálaíocht, iompar inbhuanaithe, agus cáilíocht na n-institiúidí.
- (8) Tá an t-aistriú glas agus claochlú digiteach an gheilleagair ag croílár fhreagairt bheartais an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí glasa atá beartaithe, dírítear ar tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, lena n-áirítear ar talamh, ar fhuinneamh fótvoltachais agus ar fhuinneamh amach ón gcósta, eangaí cliste agus hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin, agus éifeachtúlacht fuinnimh, feabhas a chur ar cháilíocht an aeir agus iompar inbhuanaithe a fhorbairt. Dírítear sna hathchóirithe digiteacha agus sna hinfeistíochtaí digiteacha ar bhonneagar leathanbhanda, go háirithe i gceantair thuaithe, ar ríomhsheirbhísí a fhorbairt, lena n-áirítear sa chóras cúraim sláinte, ar ríomh-inniúlachtaí a fheabhsú san oideachas agus san oiliúint agus ar an gcibearshláindáil náisiúnta a neartú.
- (9) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta roinnt beart ábhartha chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus ar an timpeallacht infheistíochta sa Pholainn. Tá sé d'aidhm ag na hathchóirithe atá beartaithe an t-ualach riaracháin agus rialála ar ghnólachtaí a laghdú, bainistiú airgeadais phoiblí a fheabhsú, chomh maith le ról na gcomhairliúchán poiblí sa phróiseas reachtóireachta a fheabhsú, rud a bhfuiltear ag súil leis go gcuirfidh sé feabhas ar cháilíocht na rialála agus ar an gcobhsaíocht. Tá sé d'aidhm ag an bplean freisin an caighdeán a ardú maidir le gnéithe áirithe den chosaint bhreithiúnach, agus ar an gcaoi sin cur le feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta. Táthar ag súil go mbainfear fás cliste inbhuanaithe amach freisin trí bhearta éagsúla i réimse an taighde agus na nuálaíochta, agus trí fheabhas a chur ar scaipeadh réiteach nuálach trí oideachas agus oiliúint.
- (10) Cabhraíonn plean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh a thabhairt ar roinnt dúshlán maidir le comhtháthú críochach agus sóisialta a fheabhsú, go príomha trí iarrachtaí chun rochtain ar chúram ospidéal a nuachóiriú agus a mhéadú, trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhargadh an tsaothair trí fheabhas a chur ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint agus ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, agus ar deireadh trí infheistíochtaí san iompar. Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta freisin bearta éagsúla a bhfuiltear ag súil le hathléimneacht an chórais sláinte agus shóisialta a fheabhsú leo, mar shampla trí athchóirithe ospidéal, iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar dheighilt mhargadh an tsaothair agus ar chúram fadtéarmach, agus trí infheistíochtaí i dtithíocht shóisialta a fheabhsú. Ar deireadh, tá cuid shuntasach den phlean téarnaimh agus athléimneachta tiomanta do bheartais don chéad ghlúin eile, go háirithe trí dhigitiú a dhéanamh ar chórais oideachais agus oiliúna agus trí ábharthacht scileanna don mhargadh saothair a fheabhsú.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shaináithnítear sna moltaí tírshonracha

- (11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fho-thacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaitheint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an bPolainn, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh nó dúshláin arna sainaitheint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.
- (12) Is féidir a mheas go bhfuil na moltaí a bhaineann le freagairt láithreach an bheartais fhioscaigh don phaindéim agus an moladh chun cuspóir buiséadach meánthéarmach a bhaint amach in 2020 lasmuigh de raon feidhme Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na Polainne, i ngeall ar imeacht na tréimhse buiséadaí comhfhreagraí gur thug an Pholainn freagra leormhaith agus leordhóthanach go ginearálta ar an ngá láithreach atá ann tacú leis an ngeilleagar trí mheáin fhioscacha in 2020 agus 2021, i gcomhréir le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis.
- (13) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisiónn a chéile agus a rannchuidíonn chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle chuig an bPolainn sa Seimeastar Eorpach in 2019 agus in 2020, go háirithe an méid a bhaineann leis na riachtanais infheistíochta atá leis an digitiú agus leis an aistriú glas, chomh maith le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus ábharthacht an oideachais agus ábharthacht na hoiliúna do mhargadh an tsaothair a mhéadú.
- (14) Táthar ag súil go dtabharfar tacaíocht le hathchóirithe agus infheistíochtaí suntasacha in earnáil an fhuinnimh do tháirgeadh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite agus breosláí malartacha, d'éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus don gheilleagar a chur in oiriúint don athrú aeráide. Táthar ag súil freisin go gcuirfidh na bearta atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta le cumas nuálaíochta gheilleagar na Polainne a fheabhsú, é a bhogadh suas sa slabhra luacha, agus dlús a chur leis na haistriúcháin glasa agus digiteacha trí thacaíocht a thabhairt d'uathobriú méadaithe, forbairt agus scaipeadh teicneolaíochtaí comhshaoil agus comhar feabhsaithe idir an eolaíocht agus an tionscal.
- (15) Freagraíonn bearta freisin don tionchar agus do na rioscaí a bhaineann le paindéim COVID-19 i réimse an chúraim sláinte chomh maith leis na dúshláin atá ann cheana i gcóras cúraim sláinte na Polainne, go háirithe trí ospidéal phoiblí a athchóiriú lena n-áirítear feabhsuithe ar inrochtaineacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh, ar fhorbairt seirbhísí sláinte digiteacha, ar thacaíocht don earnáil chógaisíochta agus ar thaighde agus anailís speisialaithe ar an eolaíocht leighis. Is dócha go neartóidh sé sin athléimneacht an chórais sláinte, go háirithe i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ón bpaindéim agus an tábhacht a bhaineann le rochtain ar sholáthar cógas.
- (16) Tugtar freagairt chothrom sa phlean téarnaimh agus athléimneachta ar mholtaí chun scileanna digiteacha a fheabhsú agus chun claochlú digiteach cuideachtaí, riaracháin phoiblí, scoileanna agus gairmoideachais a chur chun cinn. Cuireann an plean téarnaimh agus athléimneachta scileanna digiteacha chun cinn do ghrúpaí éagsúla daonra agus tá sé mar aidhm aige rialachas a bhunú ar fhorbairt scileanna digiteacha sa Pholainn. Maidir le claochlú digiteach an riaracháin phoiblí, táthar ag súil go gcuirfeadh digitiú na bpróiseas riaracháin chun cinn le sraith tionscadal agus athruithe reachtacha,

rud a chuirfidh borradh faoi dhigitíú na gcuideachtaí. Tá infheistíochtaí suntasacha i gcomhtháthú níos fearr Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) i scoileanna réidh chun feabhas a chur ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim, agus chun tacú leis an athléimneacht agus leis an gcuimsiú digiteach san oideachas. Cuidíonn an plean freisin le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán thábhachtacha chun feabhas a chur ar ábharthacht scileanna i margadh an tsaothair agus chun foghlaim aosach a mhéadú le bearta spriocdhírthe, go háirithe trí ionaid scileanna earnálacha a chruthú, i ndlúthchomhar le hearnálacha eacnamaíocha agus in éineacht le hathchóirithe chun iad a leabú sa chóras gairmoideachais agus gairmoiliúna. Agus béim á leagan ar scileanna digiteacha agus glasa, táthar ag súil go gcuirfidh na hiarrachtaí sin le hoideachas agus oiliúint a chur in oiriúint níos fearr le riachtanais an gheilleagair nua-aimseartha.

- (17) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta gníomhaíochtaí lena ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar na dúshlán a bhaineann le hinbhuanaitheacht an iompair, le bearta sonracha chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre, dícharbónú iompair de bhóthar, lena n-áirítear trí leictrea-shoghluaisteacht agus iompar faoi thiomáint hidrigine a chur chun cinn, trí phlean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe, an t-aistriú móduil go hiarnróid, agus iompar idirmhóduil. Tá sé d'aidhm ag an athchóiriú ar shábháilteacht ar bhóithre agus ag an infheistíocht atá nasctha leis forfheidhmiú rialacha sábháilteachta agus cosaint daoine leochaileacha a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin dul chun cinn i dtreo sprioc 2030 na Polainne líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ó thionóiscí bóthair a laghdú 50 %². Meastar go ndéanfar dícharbónú an iompair de bhóthar a chur chun cinn le dreasachtaí i gcomhair feithiclí astaíochtaí nialasacha agus le bearta fíoscacha nó airgeadais i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, agus le hinfeistíochtaí in iompar poiblí atá glan agus dírithe ar phlean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe. Tá na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí in iarnróid dírithe ar chodanna TEN-T agus ar rothstoc astaíochtaí nialasacha atá feistithe leis an gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS), mar aon le ríomhthiceadú aonair a chur chun cinn.
- (18) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta freisin bearta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na dúshlán a bhaineann le leordhóthanacht na sochar pinsin agus inbhuanaitheacht chóras na bpinsean, chomh maith le dúshlán a bhaineann le rannpháirtíocht agus deighilt sa mhargadh saothair. Tabharfar aghaidh orthu trí cháilíocht agus infhaighteacht cúraim leanaí a mhéadú, le hathbhreithniú agus athchóiriú ina dhiaidh sin chun beartais cúraim fhadtéarmaigh a fheabhsú, le dreasachtaí cánach chun gairmréimeanna a fhadú agus aois scoir éifeachtach a mhéadú chomh maith le hathchóiriú chun cosaint shóisialta a mhéadú faoi chonarthaí oibre éagsúla.
- (19) Ar deireadh, táthar ag súil go rannchuideoidh plean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh a thabhairt ar na dúshlán a bhaineann leis an aeráid infheistíochta, go háirithe maidir le córas breithiúnach na Polainne chomh maith le próisis chinnteoireachta agus reachtóireachta. Tá sé d'aidhm ag na hathchóirithe feabhas a chur ar an bpróiseas reachtach, go príomha trí fheabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as comhairliúcháin phoiblí agus as measúnuithe tionchair sa phróiseas reachtóireachta chun a áirithiú go mbeidh níos mó rannpháirtíochta struchtúracha ag páirtithe leasmhara agus ag saineolaithe sa phróiseas reachtóireachta. Ina theannta sin, tá sé

² Conclúidí ón gComhairle an 8^ú Iúil 2017 maidir le sábháilteacht ar bhóithre - Dearbhú Vaileite ó Mhárta 2017 á fhorghuiniú.

d'aidhm ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna a neartú. Tá sé d'aidhm aige freisin staid na mbreithiúna a ndéanann cinntí Dhlísheomra Araíonachta Chúirt Uachtarach na Polainne difear dóibh i gcásanna araíonachta agus i gcásanna díolúine breithiúnaí a réiteach, d'fhonn iad a athbhunú tar éis imeachtaí athbhreithnithe dearfacha ag an Dhlísheomra nua, a bheidh le seoladh gan mhoill.

Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach

- (20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Polainne a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.
- (21) Léirítear in ionsamhlúcháin a rinne ranna an Choimisiúin go bhféadfadh an plean téarnaimh agus athléimneachta, in éineacht leis an gcuid eile de bhearta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, OTI na Polainne a mhéadú idir 1.1 % agus 1.8 % faoi 2026, gan an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag athchóirithe struchtúracha a chur san áireamh, tionchar a d'fhéadfadh a bheith suntasach. Táthar ag súil go gcuirfidh infheistíochtaí poiblí borradh faoin éileamh comhiomlán sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, go gcuirfear feabhas ar staid thimthriallach gheilleagar na Polainne, agus go gcuirfear, ar an gcaoi sin, le téarnamh tapa. Is chun leas an digitithe, an bhonneagair inbhuanaithe agus an fhuinnimh in-athnuaite díriú na hinfeistíochtaí, rud a thacóidh leis an aistriú glas agus digiteach agus le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach an gheilleagair.
- (22) Sa mheántéarma agus san fhadtéarma, d'fhéadfaí a bheith ag súil go gcabhrófar le hinfeistíochtaí poiblí mar aon leis na hathchóirithe atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin fáis atá ann faoi láthair agus chun cumas nuálaíochta an gheilleagair a fhorbairt. Táthar ag súil go gcabhróidh sé sin le cuideachtaí na Polainne bogadh suas i slabhraí luacha domhanda. Táthar ag súil go n-ardóidh cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta cáilíocht an aschuir fhéideartha agus go mbeidh tionchar buan aige ar fheidhmíocht eacnamaíoch na Polainne. Eascraíonn an chuid is mó den éifeacht fhadtéarmach sin as bearta lena gcuirtear le hiomaíochas gheilleagar na Polainne, as feabhas a chur ar fhorbairt agus scaipeadh na nuálaíochta, as cáilíocht na rialála a fheabhsú, agus as tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí, go háirithe FBManna.
- (23) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bearta a bhfuil sé d'aidhm acu athléimneacht an mhargaidh saothair a fheabhsú, trí cháilíocht agus leordhóthanacht fheidhmiú institiúidí mhargadh an tsaothair a fheabhsú, teagmháil a dhéanamh le hoibríthe scothaosta nó daoine ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus iad a chur i ngníomh trí chláir uas-scilithe agus athoiliúna, trí chineálacha solúbtha fostaíochta a chur chun cinn, trí rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a fheabhsú trí chineálacha fostaíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear cianobair, agus trí rochtain ar oideachas agus ar chúram na luath-óige agus ar cháilíocht an oideachais agus an chúraim sin a mhéadú. Beartaítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta freisin do dhreasachtaí

chun go bhfanfaidh siad gníomhach sa mhargadh saothair tar éis an aois scoir reachtúil a bhaint amach. Tá na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir le prionsabail Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta chun tacú leis an bhfás cuimsitheach. Táthar ag súil go ndéanfar iarrachtaí chun ábharthacht an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú maidir le margadh an tsaothair trí bhearta lena gcuirfear dlús le forbairt caipitil dhaonna agus lena bhfeabhsófar meaitseáil na scileanna agus na gcáilíochtaí a theastaíonn ó mhargadh an tsaothair, i gcomhthéacs teicneolaíochtaí nua freisin. Leis an mbeartas maidir le digitíú don oideachas, táthar ag súil go gcuideoidh sé le leanaí agus an óige a ullmhú don tsochaí faisnéise. Baineann bearta tiomnaithe le gairmoideachas agus gairmoiliúint, foghlaim ar feadh an tsaoil a neartú agus tacú le scoileanna ullmhú don chlaochlú digiteach agus glas, agus comhordú a dhéanamh ar bheartais oideachais agus oiliúna réigiúnacha chun a áirithiú go rachaidh gach cuid den tír in oiriúint do riachtanais an mhargaidh saothair nua-aimseartha.

- (24) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta idirghabhálacha éagsúla chun rannchuidiú le cur chun feidhme Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta trí bheartais do leanaí agus don óige. Táthar ag súil go bhfeabhsófar le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán do leanaí faoi bhun trí bliana d'aois, agus go gcuirfear forbairt an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, an ardoideachais agus na foghlama ar feadh an tsaoil chun cinn trí ionaid scileanna earnála a bhunú agus trí bheartais scileanna a chomhordú ar bhealach níos fearr. Ina theannta sin, díríonn an phlean téarnaimh agus athléimneachta ar nuachóiriú scoileanna, lena n-áirítear trí shaotharlanna eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) a bhunú, rud a bhfuil coinne leis oiriúnú leanúnach do dhúshlán reatha foghlama a oiriúnú, go háirithe an digitíú.
- (25) Leis na bearta chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chothú, táthar ag súil go mbeidh geilleagar na Polainne níos nuálaí agus níos inbhuanaithe agus go gcabhróidh siad leis an athléimneacht shóisialta tríd an deighilt idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe a líonadh. Go háirithe, táthar ag súil go gclúdóidh infheistíochtaí i bhforbairt an bhonneagair líonra bearnaí ('spotaí bána') i rochtain leathanbhanda agus i bhforbairt na teicneolaíochta 5G i gceantair thuaithe. Táthar ag súil go gcuirfidh infheistíochtaí in iompar uirbeach inbhuanaithe dlús le haistriú glas na gcathracha trí phleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe a chur chun feidhme agus iompar poiblí astaíochtaí nialasacha a fhorbairt i gcathracha agus ar an leibhéal réigiúnach. Táthar ag súil go gcabhróidh infheistíochtaí i rothstoic astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha do naisc bhus i gceantair a bhfuil droch-inrochtaineacht ar iompar iontu chun réigiúin iargúlta a nascadh le hionaid gníomhaíochta eacnamaíche.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

- (26) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheoidh leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear san phlean dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

³ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

- (27) Rinne an Pholainn measúnú ar bhearta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an modheolaíocht atá leagtha amach i dtreoir Theicniúil an Choimisiúin maidir le ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ faoin Rialachán maidir le Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (2021/C 58/01)⁴. Táthar ag súil go dtabharfar aghaidh ar an tionchar díobhálach a d’fhéadfadh a bheith ag na bearta ábhartha ar an gcomhshaol trí ghaspriocanna agus spriocanna ábhartha, lena n-áiríteofar go gcomhlíonfar na critéir chomhshaoil is infheidhme. Táthar ag súil go gcomhlíonfaidh infheistíochtaí i gcomhghiniúint gásdóiteach agus in athsholáthar foinse teasa na tairseacha déine gás ceaptha teasa a shonraítear i dtreoir Theicniúil an Choimisiúin. Táthar ag súil go gcomhlíonfaidh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí hidrigine an tairseach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵. Táthar ag súil go n-úsáidfear tacaíocht do shuiteáil coirí gásadhainte ilbhreosla mar chuid de chlár athchóirithe níos leithne. Táthar ag súil go mbeidh rothstoc bóthair agus iarnróid faoi réir diancheanglais éifeachtúlachta breosla. Léirítear na ceanglais sin sna garspriocanna agus sna spriocanna le haghaidh na mbearta faoi seach.
- (28) Tugadh aird ar leith ar bhearta ar gá grinnscrúdú géar a dhéanamh ar a dtionchar ar chuspóirí comhshaoil. Maidir le bearta lena mbaineann tacaíocht do bhearta bainistithe uisce i limistéir thuaithe, táthar ag súil go mbeidh an Pholainn i bhfabhar réitigh dhúlra-bhunaithe atá athléimneach maidir leis an athrú aeráide. Táthar ag súil go n-áiríteoidh an Pholainn a thuilleadh nach ndéanfar aon dochar suntasach don chomhshaol trí aon infheistíocht a mbeadh tionchar suntasach aici ar stádas doibhreach nó éifeachtaí diúltacha ar an dúlra a eisiamh ón tacaíocht. Díritear leis sin go háirithe ar aon tionchar suntasach ar na doibhreacha ábhartha a sheachaint a chuirfeadh i mbaol an cuspóir maidir le stádas maith a bhaint amach nó a chuirfeadh moill air sin. Díritear leis freisin a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach ag na bearta ar ghnáthóga agus ar speicis faoi chosaint.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

- (29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a rannchuidíonn den chuid is mó (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide méid arb ionann é agus 42.7 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá an phlean téarnaimh agus athléimneachta comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

⁴ Fógra ón gCoimisiún Treoir theicniúil maidir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chur i bhfeidhm faoin Rialachán maidir le Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (2021/C 58/01), IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

⁵ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d’aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile; C/2021/2800 final.

- (30) Athchóirithe agus infheistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, atá dírithe go háirithe ar mhéadú suntasach a dhéanamh ar acmhainneacht na gaoithe agus na fótavoltach ar talamh, agus deireadh a chur le bacainní rialála ar acmhainn gaoithe nua ar talamh a fhorbairt, acmhainn gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt, teicneolaíochtaí hidrigine agus breoslaí malartacha a fhorbairt, táthar ag súil go gcabhróidh siad leis an bPolainn a cuspóirí aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach i bhfianaise an aistrithe fhadtearmaigh go geilleagar a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de. Maidir leis na bearta éifeachtúlachta fuinnimh atá sa phlean, lena n-áirítear clár uailmhianach athchóirithe foirgneamh, mar aon le deireadh a chur de réir a chéile le tacaíocht phoiblí do théitheoirí guail aonair, chomh maith le scéim dícharbónaithe de chuid an tionscail, táthar ag súil go gcabhróidh siad go mór leis an bPolainn a spriocanna aeráide agus fuinnimh a bhaint amach. Táthar ag súil go dtacóidh pacáiste cuimsitheach athchóirithe agus infheistíochtaí san iompar le leictrea-shoghluaisteacht, iompar poiblí glan paisinéirí, aistriú módúil i dtreo iarnróid astaíochtaí nialasacha, iompar idirmhódúil earraí, chomh maith le sábháilteacht ar bhóithre.
- (31) Táthar ag súil go gcabhróidh athchóirithe agus infheistíochtaí a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe uisce i gceantair thuaithe le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an bPolainn maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus maidir le leibhéal íseal na coinneála uisce agus na nganntanais uisce, lena n-áirítear ganntanas uisce óil. Táthar ag súil go gcuideoidh siad le méadú na bithéagsúlachta agus le hacmhainn oiriúnaithe ceantar tuaithe d'éifeachtaí an athraithe aeráide, go háirithe triomach. D'fhéadfadh sé go rachadh na bearta maidir le maolú ar an athrú aeráide chun tairbhe do chaomhnú na bithéagsúlachta freisin, toisc go meastar go mbeidh siad ag brath ar réitigh lena n-athbhunófar an bhithéagsúlacht.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

- (32) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a rannchuidíonn cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb ionann é agus 21.3 % de leithdháileadh iomlán an plean téarnaimh agus athléimneachta arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (33) Táthar ag súil go gcuideoidh na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí sa riarachán poiblí, sa gheilleagar agus sa tsochaí atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta le claochlú digiteach na tíre. Áirítear orthu sin nascacht a fheabhsú, dlíthe agus bonneagair na gcóras riaracháin poiblí a thabhairt cothrom le dáta, sonraisc struchtúrtha leictreonacha a thabhairt isteach agus feabhas suntasach a chur ar na córais chibearshlándála sa rialtas agus sna hearnálacha eacnamaíocha rithábachtacha. Táthar ag súil go spreagfaidh claochlú digiteach an riaracháin poiblí an earnáil phríobháideach chun claochlú digiteach cuideachtaí a spreagadh.
- (34) Leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí atá beartaithe i réimse an oideachais ghinearálta agus an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, i réimse na scileanna agus na foghlama ar feadh an tsaoil, meastar go ndéanfar na scileanna atá ábhartha do mhargadh an tsaothair a chur chun cinn agus go n-éascófar na haistrithe digiteacha agus glasa, agus go laghdófar an deighilt dhigiteach agus rochtain níos cothroime ar bhonneagar digiteach, ar threalamh digiteach agus ar scileanna i scoileanna agus i measc an phobail. Táthar ag súil freisin go rannchuideoidh siad le digitíú níos leithne an chórais oideachais agus le forbairt scileanna digiteacha múinteoirí, státseirbhíseach,

saoránach nach bhfuil litearthacht dhigiteach leordhóthanach acu agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste nó daoine atá i mbaol eisiaimh shóisialta.

Tionchar buan

- (35) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an bPolainn.
- (36) Tá coinne leis go mbeidh tionchar buan ag plean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne ar a lán réimsí beartais agus ar an gcóras riaracháin phoiblí agus institiúidí. Go háirithe, meastar go mbeidh tionchar buan ar cháilíocht an riaracháin phoiblí ag athchóiriú uaillmhianach chun an t-ualach riaracháin agus rialála a laghdú, athchóiriú pleanála spásúlachta, agus athchóirithe chun cáilíocht na reachtóireachta a fheabhsú trí ról na measúnuithe tionchair a mhéadú agus trína áirithiú go mbeidh rannpháirtíocht níos fearr ag na páirtithe leasmhara sa phróiseas ceaptha beartais agus reachtóireachta. Thairis sin, meastar go mbeidh tionchar buan ag na hathchóirithe sin ar dhíchárbónú gheilleagar na Polainne, arb é is aidhm dóibh creat rialála a chruthú chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt, go háirithe feirmeacha ar talamh agus feirmeacha gaoithe amach ón gcósta. Meastar go bhfeabhsóidh athchóirithe ar chúram sláinte éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais cúraim sláinte agus go bhfeabhsóidh siad an rochtain ar sheirbhísí sláinte. Meastar go méadófar an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair i ngeall ar athchóirithe ar mhargadh an tsaothair, go méadófar an chosaint shóisialta agus go laghdófar an deighilt. Athchóirithe chun comhordú a fheabhsú i réimsí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, an ardoideachais agus na foghlama ar feadh an tsaoil, beidh éifeacht fhadtréimhseach acu ar ábharthacht scileanna sa mhargadh saothair agus ar dheiseanna a chur ar fáil d'oibrithe iad féin a chur in oiriúint d'aistrithe sa mhargadh saothair.
- (37) Tá infheistíochtaí éagsúla ann chun tacú le tionchar na n-athchóirithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne agus chun an tionchar sin a fheabhsú. Maidir le hinfeistíochtaí suntasacha san fhuinneamh in-athnuaite, go háirithe i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta a bhfuil an bonneagar tionlacain iontu, agus in iompar inbhuanaithe (amhail infheistíochtaí i soghluaisteacht saor ó astaíochtaí, soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe agus iarnróid chun aistriú módach a chur chun cinn), meastar go gcuirfear le dícharbónú gheilleagar na Polainne. Tá coinne leis go gcuideoidh infheistíochtaí i nuachóiriú agus athchóiriú teirmeach ar mórscála le feabhas a chur ar cháilíocht an aeir agus go laghdófar an bhochtaineacht fuinnimh, go gcuirfear le haistriú cothrom agus go n-áiritheofar caighdeán mhaireachtála níos airde. Meastar go gcuirfidh feabhas ar rochtain ar idirlíon leathanbhanda i gceantair thuaithe agus infheistíochtaí sa chibearshlándaíl agus scileanna digiteacha leis an gclaochlú digiteach. Tá coinne leis go mbeifear in ann cáilíocht aeir níos fearr a bhaint amach trí bhíthin clár uaillmhianach i gcoinne an toitcheo agus infheistíochtaí in earnáil an iompair inbhuanaithe, rud a mbeidh tionchar buan aige ar astaíochtaí a laghdú agus ar an gcáilíocht saoil a fheabhsú. I ngeall ar infheistíochtaí in ospidéal agus i saoráidí cúraim eile, tugtar tacaíocht d'athchóirithe cúraim sláinte. D'fhéadfadh infheistíochtaí in ionaid scileanna earnálacha tionchar buan a bheith acu ar ábharthacht an tsoláthair scileanna don mhargadh saothair. Is féidir tionchar buan an phlean téarnaimh agus athléimneachta a fheabhsú freisin trí shineirgí idir an plean téarnaimh agus athléimneachta agus cláir eile, lena n-áirítear na cláir sin a mhaoinítear le cistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chríochacha ar shlí shubstainteach agus trí fhorbairt chothrom a chur chun cinn.

Faireachán agus cur chun feidhme

- (38) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.
- (39) Áirítear sa phlean garspriocanna agus spriocanna atá nasctha le hathchóirithe agus infheistíochtaí a bhaineann leis an iarraidh ar thacaíocht neamh-inaisíochta, agus leis na hathchóirithe breise agus na hinfeistíochtaí breise a bhaineann leis an iarraidh ar iasachtaí. Tá na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe soiléir agus réalaíoch; agus tá na táscairí atá beartaithe ábhartha, inghlactha agus láidir. Tá garspriocanna agus spriocanna ábhartha freisin maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe faoi Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Is gá na garspriocanna agus na spriocanna sin a chomhlíonadh go sásúil le himeacht ama chun údar cuí a thabhairt le hiarraidh ar eisíocaíocht. Tá córas cuimsitheach cur chun feidhme ag an bPolainn. Tá an Aireacht Cistí agus Beartais Réigiúnaigh, ina comhlacht comhordaithe lárnach don phlean téarnaimh agus athléimneachta agus dá chur chun feidhme, freagrach as comhordú foriomlán, faireachán foriomlán agus tuairisciú foriomlán agus is í an t-aon phointe teagmhála amháin don Choimisiún í. Tá an comhlacht sin freagrach freisin as iarrataí ar íocaíocht, dearbhuithe bainistíochta agus achoimre ar iniúchtaí a tharraingt anuas. Is é an tÚdarás Náisiúnta Ioncaim a dhéanfaidh na hiniúchtaí, go háirithe an Roinn Iniúchóireachta Cistí Poiblí san Aireacht Airgeadais agus 16 sheomra riaracháin cánach (oifigí réigiúnacha) sa tír. Beidh aireachtaí aonair, údarais rialtais láir agus eintitis eile arna sainordú ag na haireachtaí inniúla freagrach as cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta. Úsáidfídh an Pholainn stórchóras chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus chun rochtain ar shonraí a áirithiú, iad a bhailiú agus a stóráil i gcomhréir le hAirteagal 22(2)(d) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (40) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear tacaíocht airgeadais faoin tSaoráid in iúl agus go n-aithnítear í i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfar tacaíocht theicniúil a iarraidh faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

Costáil

- (41) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an réasúnú a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir le méid na gcostas measta iomlán den phlean téarnaimh agus athléimneachta ar leibhéal measartha (Rátáil B) réasúnta agus inchreidte, tá an réasúnú sin i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

⁶ Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

- (42) Tá meastacháin chostais curtha ar fáil ag an bPolainn do gach cineál beart a bhaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, lena mbaineann costas. Ar an iomlán, tá an mhodheolaíocht agus na toimhdí a úsáidtear chun na meastacháin ar chostais a bhaint amach soiléir agus sothuigte, agus is minic a bhunaítear iad ar thionscadail roimhe sin arna maoiniú ag cistí an bheartais comhtháthaithe. I gcásanna áirithe, is teoranta na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáidtear chun na meastacháin chostais a dhéanamh, rud a chuireann bac ar mheasúnú iomlán dearfach ar na meastacháin chostais. Chuir an Pholainn doiciméadacht tacaíochta mhionsonraithe ar fáil freisin maidir le formhór na gcineálacha idirghabhála chun bonn cirt agus fianaise na meastachán ar chostais a chur ar fáil. Thug an Pholainn dóthain faisnéise agus dearbhú chun a áirithiú nach gcumhdaítear costais an phlean téarnaimh agus athléimneachta le maoiniú eile de chuid an Aontais. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

- (43) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus meastar go seachnófar go héifeachtach leo cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa, éilliú, agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷.
- (44) I gcomhréir le hAirteagal 20(5), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart garspriocanna atá nasctha le cosaint leasanna airgeadais an Aontais a leagan amach chun comhlíonadh Airteagal 22 den Rialachán sin a áirithiú. Tá coinne leis go ráthóidh comhlíonadh sásúil na ngarspriocanna sin leordhóthanacht an chórais rialaithe inmheánaigh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241. Agus é á chur san áireamh gur den réamhriachtanas é cosaint éifeachtach bhreithiúnach d'fheidhmiú córais rialaithe inmheánaigh, leagtar garspriocanna amach le haghaidh athchóiriú a dhéanamh le go neartófar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna, athchóiriú chun cás na mbreithiúna a bhfuil tionchar ag cinní ó Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí orthu i gcásanna araíonachta agus i gcásanna díolúine breithiúnaí a réiteach, d'fhonn iad a aschur i bpost tar éis imeachtaí athbhreithnithe dearfacha ag an Dlísheomra nua, atá le déanamh gan mhoill, agus athchóiriú lena n-áirítear iniúchadh agus rialú éifeachtach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Agus é á chur san áireamh gur cheart na garspriocanna sin a bhunú freisin ar bhonn Airteagal 20(5), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 chun a áirithiú go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun córas rialaithe leordhóthanach a bhunú sula n-údaróidh an Coimisiún aon íocaíocht faoin tSaoráid, ba cheart don Pholainn na garspriocanna sin a chomhlíonadh sula gcuirfear isteach an chéad iarraidh

⁷ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

ar íocaíocht agus ní fhéadfar aon íocaíocht faoin tSaoráid a dhéanamh sula gcomhlíonfar iad. Tá an ceanglas sin gan dochar don oibleagáid atá ar an bPolainn a hoibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh tráth ar bith, go háirithe Airteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE'), mar atá arna léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ar cuid lárnach d'acuis an Aontais é.

- (45) Chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna agus na mbreithiúna a bhunaítear le dlí i gcomhréir le hAirteagal 19 CAE a neartú, ba cheart gach cás araíonachta a bhaineann le breithiúna a aistriú ó Dhlísheomra Araíonachta reatha de Chúirt Uachtarach na Polainne chuig dlísheomra eile den Chúirt chéanna a chomhlíonann ceanglais an neamhspleáchais, na neamhchlaontachta agus a bhunaítear le dlí, mar a leagtar amach in Airteagal 19(1) CAE. Ciallaíonn sé sin, *inter alia*, gur cheart go mbeadh difríocht shuntasach idir comhdhéanamh pearsanta an tseomra nua seo agus comhdhéanamh an Dlísheomra Araíonachta.
- (46) Chun a áirithiú go bhfuil cúirteanna agus breithiúna neamhchlaonta agus neamhspleách agus bunaithe le dlí, i gcomhréir le hAirteagal 19 CAE, ba cheart go mbeadh aon bhreitheamh, ar iarraidh ó pháirtí sa chás nó as a stuaim féin, in ann fíorúchán a thionscnamh i dtaobh an gcomhlíonann cúirt na ceanglais maidir le bheith neamhspleách, neamhchlaonta agus 'bunaithe le dlí', agus meastar nach n-aicmeofar an fíorúchán sin mar chion araíonachta. Is éard atá i gceist leis sin, agus saincheist den sórt sin á ardú i gcás nithiúil, nár cheart aon bhreitheamh a chur faoi réir nós imeachta araíonachta ná níor cheart a dhíolúine a bhaint as comhlíonadh na gceanglas sin a mheasúnú, lena n-áirítear trí na himthosca inar ceapadh breitheamh eile a chur san áireamh. Ní mheastar go mbainfidh aon fhoráil den dlí náisiúnta an bonn den phrionsabal sin.
- (47) Chun na críche céanna, ba cheart teorainn a chur le hainmniú lánroghnach cúirteanna araíonachta inniúla le haghaidh cásanna a bhaineann le breithiúna, bunaithe ar chritéir oibiachtúla.
- (48) Tá an measúnú ar athchóiriú na mbreithiúna bunaithe ar an tuairisciú ar an mbeart sa phlean, agus sa phlean amháin, agus ní bhíonn sé ag brath ar aon togra reachtach atá faoi réir nósanna imeachta reachtacha sa Pholainn. Dá bhrí sin, ba cheart comhlíonadh sásúil gharsprioscanna an Chinnidh seo a mheasúnú bunaithe ar an dlí atá i bhfeidhm tráth a thíolacfar an chéad iarraidh ar íocaíocht.
- (49) Tá an Cinneadh seo, lena bhformheastar measúnú dearfach an Choimisiúin ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, go háirithe ar na garsprioscanna comhfhreagracha maidir le hathchóiriú na mbreithiúnachta, gan dochar d'aon imeacht um shárú atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus, ar bhonn níos ginearálta, don oibleagáid atá ar an bPolainn dlí an Aontais a chomhlíonadh agus, go háirithe, do rialuithe na Cúirte Breithiúnais.
- (50) Tá sé curtha in iúl ag an bPolainn go n-úsáidfear an córas faisnéise do Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa freisin chun críocha an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Ba cheart a áirithiú le garspriosc shonrach ar leith go mbeidh an córas faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta curtha ar bun agus ag feidhmiú faoin am a dhéanfar an chéad iarraidh ar íocaíocht. I gcomhréir le hAirteagal 20(5), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart don Pholainn an beart sin a chur chun feidhme chun Airteagal 22 den Rialachán sin a chomhlíonadh agus stádas a chur chun feidhme a dheimhniú leis an gcéad iarraidh ar íocaíocht trí bhithin tuarascáil thiomnaithe iniúchóireachta. Ba cheart na feidhmiúlachtaí seo a leanas ar a laghad a bheith sa chóras: (a) bailiú na

sonraí agus an faireachán ar bhaint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna; agus (b) bailiú agus stóráil na sonraí agus rochtain ar na sonraí a áirithiú a cheanglaítear le hAirteagal 22(2), pointe (d)(i) go (iii), de Rialachán (AE) 2021/241, de bhun Airteagal 22(2)(e) de. Thairis sin, ba cheart go soláthróidh an córas na sonraí go léir is gá chun go n-úsáidfeadh údaráis na Polainne an uirlis scórála riosca agus mianadóireachta sonraí, Arachne, le haghaidh iniúchtaí agus rialuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

- (51) Déantar tuairisciú iomchuí ar an gcóras chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme sa Pholainn. Tá sé deartha go comhleanúnach agus tá sé bunaithe ar phróisis agus ar struchtúir láidre, ionas go mbeidh ról agus freagrachtaí na ngníomhaithe maidir le rialuithe agus iniúchtaí soiléir, go mbeidh feidhmeanna rialaithe ábhartha deighilte go hiomchuí agus go n-áiritheofar neamhspleáchas na ngníomhaithe a dhéanann iniúchtaí. Ba cheart gurb é Aireacht na gCistí agus an Bheartais Réigiúnaigh an príomhchomhlacht comhordaithe chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme. Beidh aireachtaí aonair, údaráis rialtais láir agus eintitis eile arna sainordú ag na haireachtaí inniúla freagrach as cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta agus ba cheart don chomhlacht iniúchóireachta náisiúnta na hiniúchtaí a chur i gcrích. Is í an institiúid atá freagrach as gach beart a chur chun feidhme a dhéanann na fíorúcháin bainistíochta.
- (52) Ba cheart bearta sonracha a chur chun feidhme chun comhlíonadh na rialacha a bhaineann le soláthar poiblí a sheiceáil, agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ba cheart don Údarás Náisiúnta Ioncaim iniúchtaí a dhéanamh ar bhonn bliantúil. Mar sin féin, tá minicíocht na n-iniúchtaí ag brath ar mhinicíocht na n-iarrataí ar íocaíocht, i gcomhréir leis an straitéis iniúchóireachta. Ba cheart go gcumhdódh na hiniúchtaí an córas a bunaíodh chun garspriocanna agus spriocanna a thuairisciú, an córas faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus iniúchtaí ar oibríochtaí, lena n-áirítear na coinníollacha le haghaidh bainistíocht airgeadais fhóna.

Comhleanúnachas an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta

- (53) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta ar leibhéal ard bearta (Rátáil A) le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadal infheistíochta poiblí arb é atá iontu gníomhaíochtaí comhleanúnacha.
- (54) Rinneadh athchóirithe agus infheistíochtaí a nascadh leis na réimsí tosaíochta a saináithníodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus, ar an mbonn sin, rinneadh iad a struchtúir i sé chomhpháirt chomhlántacha den phlean téarnaimh agus athléimneachta. Is é príomhaidhm an phlean téarnaimh agus athléimneachta táirgiúlacht gheilleagar na Polainne a mhéadú i ngeall ar leibhéal níos airde infheistíochta, timpeallacht ghnó fheabhsaithe, claochlú digiteach, aistriú fuinnimh agus soghluaisteacht chliste ghlan, agus méadú ar sholáthar saothair agus ar chaipiteal sóisialta bunaithe ar cháilíocht an oideachais agus na scileanna. Freagraíonn an plean ar bhonn cuimsitheach d'iarmhairtí ghéarchéim COVID-19, agus do roinnt laigí struchtúracha i ngeilleagar na Polainne. Go háirithe, i réimse an táirgthe fuinnimh ghlan, an iompair inbhuanaithe agus an digitithe, léirítear athchóirithe agus infheistíochtaí le leibhéal ard sineirgí agus comhlántachta, mar shampla trí athchóirithe a thacaíonn le feirmeacha gaoithe ar talamh agus amach ón gcósta a fhorbairt agus

teicneolaíochtaí hidrigine ísealcharbóin a fhorbairt agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe agus sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn. Tá feidhm ag an méid céanna, go pointe áirithe, maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí sa mhargadh saothair agus san oideachas, a mheastar a mhéadóidh rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus a dhéanfaidh oideachas agus oiliúint a nuachóiriú. Tá coinne leis go mbeidh tionchar trasearnálach ag roinnt athchóirithe ar cháilíocht agus ar éifeachtacht na reachtaíochta i ngach réimse, amhail athchóirithe sa phróiseas reachtóireachta. Cuirtear comhlántachtaí le tacaíocht faoi chistí an bheartais comhtháthaithe i láthair i gcomhchodanna den phlean téarnaimh agus athléimneachta agus déantar achoimre orthu ar leibhéal an phlean.

An Comhionannas

- (55) Déantar tuairisc i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne ar an tionchar a bhí ag géarchéim COVID-19 agus ar na dúshláin a bhaineann le comhionannas inscne agus comhdhiseanna do chách, go háirithe maidir le riachtanais sa mhargadh saothair. Tá bearta sonracha sa phlean téarnaimh agus athléimneachta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, amhail bearta arb é is aidhm dóibh cáilíocht agus infhaighteacht na saoráidí cúraim leanaí a mhéadú chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a éascú. Tugann an Pholainn dá haire go ndearnadh réamhscagadh ar thionscadail éagsúla ar bhonn na gcritéar comhionannais agus nár cuireadh san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tionscadail áirithe nár comhlíon critéir inrochtaineachta le haghaidh daoine faoi mhíchumas nó nár comhlíon prionsabail an chomhionannais ar bhealach eile. Tugann an Pholainn dá haire freisin go bhfuil coinne leis go n-áiritheofar go gcuirfear prionsabail an chomhionannais inscne agus prionsabal an chomhionannais deiseanna do chách san áireamh ag gach céim de bhainistiú agus de chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Ar deireadh, an coiste faireacháin a bhfuil de chúram air faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, is iad a bheidh air go sonracha ionadaithe comhlachtaí a dhéanfaidh ionadaíocht thar na sochaí sibhialta agus a chuirfidh cearta bunúsacha agus an neamh-idirdhealú chun cinn.

Féinmheasúnú slándála

- (56) Níor soláthraíodh féinmheasúnú slándála toisc nár mheas an Pholainn é a bheith iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 18(4), pointe (g) de Rialachán (AE) 2021/241.

Tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta

- (57) Tá tionscadal trasteorann nó ilnáisiúnta beartaithe ag an bPolainn i réimse an digitithe. Go sonracha, faoi chuimsiú na dTionscadal Tábhachtach ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI), tá sé beartaithe aici tacú le hinfeistíochtaí trí thionscadal Néalríomhaireachta agus Seirbhísí na Chéad Ghlúine Eile.

An próiseas comhairliúcháin

- (58) Chuaigh an Pholainn i mbun comhairliúcháin le páirtithe leasmhara trí ardáin éagsúla sular tíolacadh a plean téarnaimh agus athléimneachta. Seoladh an comhairliúchán poiblí faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta an 26 Feabhra 2021 agus mhair sé go dtí an 2 Aibreán 2021. San iomlán, rinneadh 5 275 aighneacht i bhfoirm thiomnaithe ar shuíomh gréasáin an rialtais. Ina theannta sin, cuireadh barúlacha in iúl, *inter alia*, le linn trí dhíospóireacht a d'eagraigh an rialtas agus cúig éisteacht phoiblí faoi stiúradh na gcomhpháirtithe sóisialta. Phléigh an Comhrialtas agus an Coimisiún Rialtais Áitiúil (*Komisja Wspólna Rządu i Samorządu Terytorialnego*) agus an Chomhairle um Idirphlé Sóisialta an plean téarnaimh agus athléimneachta freisin. Mar

thoradh ar na comhairliúcháin rinneadh athruithe ar gach comhchuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta.

- (59) Chun úinéireacht na ngníomhaithe ábhartha a áirithiú, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Geallann an Pholainn, i gcomhréir le garsprioc, coiste faireacháin a chruthú a mbeidh sé de chúram air maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, ar a mbeidh comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile.

Measúnú dearfach

- (60) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir le plean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne arb é an toradh a bhí air go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart don Chinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscail infheistíochta a leagan amach is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme agus na garspriocanna, na spriocanna agus na táscairí ábhartha a bhaint amach, agus an méid a chuireann an tAontas ar fáil i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníochta agus iasachta chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

Ranníocaíocht airgeadais

- (61) Is é costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne PLN 160 967 579 300, arb ionann é agus EUR 35 363 500 000 ar bhonn ráta tagartha EUR PLN ECB an 3 Bealtaine 2021. Ós rud é go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241 go sásúil agus, ina theannta sin, ós rud é go bhfuil méid chostais mheasta iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta níos airde ná an ranníocaíocht airgeadais uasta atá ar fáil le haghaidh na Polainne, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais a leithdháiltear le haghaidh plean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil le haghaidh na Polainne.
- (62) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, déanfar ríomh na ranníocaíochta airgeadais uasta don Pholainn a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022. Dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 23(1) den Rialachán sin, ba cheart méid le haghaidh na Polainne nach mó ná an ranníocaíocht airgeadais uasta dá dtagraítear in Airteagal 11(1), pointe (a), den Rialachán sin a chur ar fáil anois le haghaidh gealltanais dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022. I gcás inar gá, tar éis nuashonrú a dhéanamh ar an ranníocaíocht airgeadais uasta, ba cheart don Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, an Cinneadh seo a leasú chun an ranníocaíocht airgeadais uasta nuashonraithe, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den Rialachán sin, a chur leis gan moill mhíchúí.
- (63) Thairis sin, d'fhonn tacú le hathchóirithe breise agus le hinfeistíochtaí breise, d'iarr an Pholainn tacaíocht iasachta. Is lú uasmhéid na hiasachta arna hiarraidh ag an bPolainn ná 6.8 % d'ollioncam náisiúnta na tíre do 2019 i bpraghsanna reatha. Tá méid na gcostas measta iomlán den phlean téarnaimh agus athléimneachta níos airde

ná an ranníocaíocht airgeadais chomhcheangailte atá ar fáil don Pholainn agus an tacaíocht iasachta a iarradh.

- (64) An tacaíocht atá le soláthar, tá sí le maoiniú ó iasachtaí a gheobhaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais ar bhonn Airteagal 5 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle⁸. Ba cheart an tacaíocht a íoc i dtráthchodanna a luaithe a bheidh na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha arna sainaithint maidir le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta comhlíonta go sásúil ag an bPolainn.
- (65) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh. Ní sháraítear an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus na spriocanna agus breise a bhaineann le hÍoc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

Airteagal 2

Ranníocaíocht airgeadais

1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Pholainn i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíochta arb ionann í agus EUR 23 851 681 924⁹. Beidh méid EUR 20 270 784 381 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022. Más é atá mar thoradh ar an nuashonrú dá bhforáiltear in Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241 ranníocaíocht airgeadais uasta nuashonraithe le haghaidh na Polainne arb ionann í agus EUR 23 851 681 924, nó ar mó ná sin í, beidh méid breise EUR 3 580 897 543 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023. Más é atá mar thoradh ar an nuashonrú dá bhforáiltear in Airteagal

⁸ Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

⁹ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Polainne de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

11(2) de Rialachán (AE) 2021/241 ranníocaíocht airgeadais uasta nuashonraithe le haghaidh na Polainne ar lú ná EUR 23 851 681 924 í, beidh an difríocht idir an ranníocaíocht airgeadais uasta nuashonraithe agus méid EUR 20 270 784 381 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 20(8) de Rialachán (AE) 2021/241 ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Pholainn i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Féadfaidh an Coimisiún na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.
3. Maidir le tráthchodanna a scaoileadh i gcomhréir leis an gcomhaontú maoinithe, beidh sé sin coinníollach ar chistiú a bheidh ar fáil agus cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha arna sainaitheint maidir le cur chun feidhme an phlean tearnaimh agus athléimneachta comhlíonta go sásúil ag an bPolainn. Chun a bheith incháilithe d'íocaíocht, comhlánóidh an Pholainn na garspriocanna agus na spriocanna tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2026, faoi réir theacht i bhfeidhm na ngealltanais dlíthiúil dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 3

Tacaíocht iasachta

1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Pholainn arb é uasmhéid EUR 11 506 500 000 a bheidh inti.
2. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht iasachta ar fáil don Pholainn i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Féadfaidh an Coimisiún na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.
3. Maidir le tráthchodanna a scaoileadh i gcomhréir leis an gComhaontú Iasachta, beidh sé sin coinníollach ar chistiú a bheith ar fáil agus ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna breise arna sainaitheint maidir le cur chun feidhme an phlean tearnaimh agus athléimneachta comhlíonta go sásúil ag an bPolainn. Chun a bheith incháilithe d'íocaíocht, bainfidh an Pholainn na garspriocanna agus na spriocanna amach tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2026.

Airteagal 4

Seolai

Is chuig Poblacht na Polainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*